



## Preasráiteas

Lucsamburg, 26 Aibreán 2022

# Níl cosaint iomlán á tabhairt don mhaoin intleachtúil san Aontas Eorpach

Tá ról mór ag cearta maoin intleachtúla i ngeilleagar atá bunaithe ar an eolas: cinntíonn siad go bhfuil gnólachtaí agus dearthóirí in ann brabach a fháil as na nithe a chruthaíonn siad. Tugann siad dearbhú do na tomhaltóirí freisin maidir le cáilíocht agus sábháilteacht. Ach i dtuarascáil speisialta a foilsíodh inniu, tugann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa an foláireamh nach bhfuil creat dlíthiúil an Aontais chun maoin intleachtúil a chosaint chomh héifeachtach agus a d'fhéadfadh sé a bheith. Cé go bhfuil ráthaíochtaí áirithe á dtabhairt sa chreat atá ann, tá roinnt easnamh i gcónaí ann – go háirithe i dTreoir um Dearaí an Aontais agus sa sásra Eorpach maidir le táillí. Tarraingíonn na hiniúchóirí aird freisin ar an bhfíoras go rachadh sé chun tairbhe do chóras an Aontais agus do na córais náisiúnta dá mbeidís tugtha de réir a chéile ar bhealach níos fearr.

Tá cearta maoin intleachtúla (CMI) ríthábhachtach d'iomáiochas domhanda an Aontais. Gineann tionscail a bhaineann úsáid an-mhór as CMI beagnach leath (45 %) de ghníomhaíocht eacnamaíoch an Aontais, ar fiú €6.6 trilliún é, agus soláthraíonn siad beagnach an trian (29 %) d'fhostaíocht iomlán an Aontais. Gach bliain, bíonn táirgí góchumtha ina gcúis le caillteanas díolacháin sa gheilleagar dlisteanach, agus meastar go bhfuil luach €83 bhilliún ag gabháil leis an gcaillteanas sin. Dá rachfaí i ngleic go héifeachtúil le fadhb na dtáirgí góchumtha, chruthódh sé 400 000 post do gheilleagar an Aontais; sin de réir meastachán a rinne Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) le déanaí. Tá rioscaí móra sábháilteachta ag gabháil le táirgí góchumtha chomh maith, faoi mar a léiríodh le déanaí i rith phaindéim COVID-19. Ar na cúiseanna sin, tá dícheall as cuimse ar siúl ag an gCoimisiún Eorpach, ag comhlachtaí eile den Aontas amhail EUIPO agus ag na húdaráis sna Ballstáit chun a áirithiú go mbíonn meas ar chearta maoin intleachtúla ar fud mhargadh aonair an Aontais.

*“Tá cearta maoin intleachtúla ríthábhachtach do gheilleagar an Aontais Eorpaigh. Spreagann siad nuálaíocht agus infheistíocht, agus díspreagann siad góchumadh agus na héifeachtaí díobhálacha atá aige sin”, arsa Ildikó Gáll-Pelcz, an Comhalta den Chúirt a bhí freagrach as an iniúchadh seo. “Ach níl an chosaint is dual dóibh á dtabhairt do chearta maoin intleachtúla faoin gcreat atá san Aontas faoi láthair. Tá súil againn go gcabhróidh ár gcuid moltaí leis an Aontas Eorpach an leibhéal cosanta sin a ardú go dtí an leibhéal atá ag teastáil sa mhargadh aonair.”*

Tugann na hiniúchóirí ar aire go bhfuil bearta reachtacha agus tacaíochta ann chun trádhmharcanna AE a chosaint. Ach ag an am céanna, deir siad go bhfuil easnamh i dTreoir um Dhearaí an Aontais Eorpaigh ar cheart go mbeadh éifeacht chomhionann aici ar fud an Aontais.

*Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag [eca.europa.eu](https://eca.europa.eu).*

## ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu) @EUAuditors [eca.europa.eu](https://eca.europa.eu)

Mar atá cúrsaí faoi láthair, tá creat rialála an Aontais maidir le dearáí neamhiomlán agus as dáta. Mar thoradh air sin, níl na córais náisiúnta agus an córas Eorpach de réir a chéile, rud a ligeann do chleachtais éagsúla a bheith ar siúl sna Ballstáit éagsúla le linn na bpróiseas don iarratas, don scrúdú, don fhoilsiú agus don chlárú. Tá neamhchinnteacht dhlíthiúil ag éirí as sin. Sa bhreis air sin, tharraing na hiniúcháirí aird ar an bhfíoras nach bhfuil réim cosanta uile-Eorpach ann do gach táirge. Ní bhaineann creat an Aontais maidir le tasc geografach le táirgí neamhthalmháochta, amhail ceardaíocht agus dearáí tionsclaíocha – cé go bhfuil reachtaíocht i gcuid de na Ballstáit a thugann cosaint dóibh sin.

Ceistíonn na hiniúcháirí freisin sásra táillí an Aontais; is léir go bhfuil éagsúlachtaí suntasacha idir na táillí Eorpacha agus na táillí a ghearrann na húdaráis náisiúnta. Fuair siad nach bhfuil struchtúr an Aontais le haghaidh táillí do chearta maoinne intleachtúla ina léiriú ceart ar na costais iarbhir. Cé go bhfuil critéir ann chun táillí a shocrú ar leibhéal an Aontais, measann na hiniúcháirí nach bhfuil aon mhodh soiléir ann chun struchtúr agus méid na dtáillí sin a chinneadh, rud a fhágann go bhfuil leibhéal iomarcach táillí ann a chruthaíonn barrachais charntha (os cionn €300 milliún de réir chuntais 2020 EUIPO). Tugann na hiniúcháirí chun suntais go bhfuil sé seo contrártha do phrionsabal an bhuiséid chomhardaithe atá leagtha síos i ndlí an Aontais.

Cé go bhfuil creat Eorpach ann chun cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú, agus go ginearálta go n-oibríonn sé sin go maith, cuireann na hiniúcháirí béim ar roinnt easnamh atá ag baint lena chur chun feidhme. Go háirithe maidir leis an Treoir maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú, ní chuirtear i bhfeidhm go haonfhoirmeach é ar fud an Aontais agus mar sin ní féidir leis leibhéal seasta ard de chosaint maoinne intleachtúla a áirithiú ar an margadh inmheánach. Déanann laigí agus neamhréireachta i rialuithe custaim sna Ballstáit díobháil freisin d'fhorfheidhmiú agus don chomhrac in aghaidh táirgí góchumtha. Dá réir sin, tá éagsúlachtaí sa chosaint a thugtar do chearta maoinne intleachtúla san Aontas Eorpach ag brath ar an áit ina dtarlaíonn an t-allmhairiú. Tugann na hiniúcháirí ar aire freisin go bhfuil cleachtais dhifriúla ann laistigh den Aontas ó thaobh earraí góchumtha a scríosadh, agus go bhféadfadh sé sin, dar leis na hiniúcháirí, a thabhairt ar ghóchumadóirí a gcuid earraí a allmhairiú isteach san Aontas Eorpach ag áiteanna nach bhfuil na rialuithe ná na pionóis chomh dian céanna.

### **Faisnéis chúlra**

Tá creat rialála an Aontais um chearta maoinne intleachtúla bunaithe ar rialacháin AE, ar threoracha agus ar chomhaontuithe idirnáisiúnta maoinne intleachtúla atá ann cheana féin. Tá sé mar aidhm leis cosaint a thabhairt i ngach Ballstát den Aontas trí chóras aonair AE a chruthú ina bhfuil cearta maoinne intleachtúla Eorpacha agus náisiúnta.

Chun teacht ar Thuarascáil speisialta Uimh. 06/2022: *“Cearta maoinne intleachtúla AE – Cosaint nach bhfuil go hiomlán fónta”*, téigh go dtí suíomh gréasáin na Cúirte Iníúcháirí ([eca.europa.eu](http://eca.europa.eu)).

In 2019, d'fhoilsigh an Chúirt Tuairim i dtaca leis an rialachán airgeadais a bhí beartaithe do choiste buiséid EUIPO inar iarradh ar EUIPO úsáid thairbheach a bhaint as aon bharrachas airgid.

Cuireann Cúirt Iníúcháirí na hEorpa a tuarascálacha speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle an Aontais Eorpaigh, chomh maith le páirtithe leasmhara eile amhail parlaimintí náisiúnta, geallsealbhóirí tionscail agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta. Cuirtear tromlach mór na moltaí a dhéantar sna tuarascálacha i bhfeidhm.

**Teagmháil phreasa**

Preasoifig Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu)

- Vincent Bourgeais: [vincent.bourgeais@eca.europa.eu](mailto:vincent.bourgeais@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: [damijan.fiser@eca.europa.eu](mailto:damijan.fiser@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: [claudia.spiti@eca.europa.eu](mailto:claudia.spiti@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 691 553 547